CSPE Ceacht 3: Aer Glan – Comaitéireacht Níos Glaise Chun na Scoile

Nasc curaclaim

Coincheapa - Forbairt, Cearta agus Freagrachtaí, Maoirseacht
Aonad 2 Pobal

Eco Eye Gearrthóg scannáin agus cleachtadh tuisceana – Aer glan

- Comaitéireacht níos glaise chun na scoile agus chun na hoibre

(NB. Soláthraítear cleachtaí tuisceana mar PDF ar leith do gach gearrthóg. Ba cheart duit na cinn a bheidh in úsáid agat leis an gceacht seo a roghnú agus a phriontáil roimh ré)

Aidhmeanna

- Chun go dtuigfidh na daltaí gur féidir le céimeanna beaga cabhrú le tionchar dearfach a imirt ar an timpeallacht.
- Chun go ndéanfaidh daltaí taiscéalaíocht maidir le bealaí inar féidir le grúpaí pobail oibriú i gcomhar lena chéile chun cabhrú go mór le cúrsaí comhshaoil ina dtimpeallacht féin.

An topaic a chur i láthair

Ábhair

- Bileog Eolais 1: Fíor nó Bréag?

Modh

- Fiafraigh de na daltaí cén modh taistil a bhíonn in úsáid acu agus iad ag taisteal chun na scoile – déan plé ar an tionchar a imríonn a modh taistil chun na scoile ar an timpeallacht.

- Scaip bileoga fíor nó bréag ar na daltaí agus iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt i dtaobh na bhfreagraí.

An topaic a chur i láthair

Ábhair

- Bileog oibre 1 agus tuairimí daltaí líonta isteach inti.

Modh

- Breathnaíonn daltaí are an ngearrthóg scánnáin dár teideal “Comaitéireacht níos glaise chuig scoil agus chuig obair” agus ceartaíonn siad a bhfreagraí féin
- Roinn na freagraí ar phéirí daltaí agus léigh tríothu leis an rang
- Reáchtáil díospóireacht ranga: nithe a chuir ionadh orthu nó ar chuir siad spéis iontu
- Oibríonn daltaí i ngrúpaí chun liosta moltaí a thiomsú le cur faoi bhráid Chomhairle Daltaí na scoile nó faoi bhráid Bhord Bainistíochta na scoile maidir le conas comaitéireacht daltaí agus múinteoirí chun na scoile a dhéanamh níos inbhuanaithe.

Gníomhaíochtaí leantacha

Obair a mholtar mar obair baile

- Déan suirbhé i measc lucht do theaghlaigh maidir lena modhanna taistil chun na hoibre nó chun na scoile – arbh fhéidir modh taistil níos inbhuanaithe a úsáid lá amháin sa tseachtain?
- Tabhair isteach roinnt gearrthóga as na meáin/taighde maidir le haer glan/truailliú aeir, mar thopaic, agus cruthaigh léiriú le cur le falla an tseomra ranga.

Gníomhaíochtaí eile i seomra an ranga

Gníomhaíochtaí taighde/taiscéalaíochta

- Déan machnamh ar na nithe a d'fhéadfadh a bheith ag truailliú an aeir i do phobal áitiúil féin (cuardaigh tuilleadh eolas faoi cháilíocht an aer ag www.epa.ie). Breathnaigh ar cháilíocht an aeir i do cheantar féin i rannóg na léarscáileanna.
- Cad iad spriocanna 2020 maidir le truailliú aeir?
- Déan taighde ar scéim rothar an Rialtais; an féidir leat smaoineamh ar thionscnaimh eile cosúil leis an scéim sin?

Obair i ngrúpaí/gníomhaíochtaí díospóireachta

- Reáchtáil díospóireacht i seomra an ranga faoin rún: "Ní cúram domsa aer glan".

Gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin

- Reáchtáil cruinniú poiblí faoi conas is féidir le baile a bheith ina Bhaile Inbhuanaithe (féach Bileog Eolais 1 thíos).

Bileog Eolais 1 – Gníomhaíocht Insamhlúcháin

Pobal is ea an rang, atá ar tí iontráil i gcomórtas (cosúil le Bailte Slachtmhara), dá ngairtear Bailte Inbhuanaithe. Cuirtear fócas an chomórtais ar chórais iompair inbhuanaithe.

Tá do sheomra ranga ina shuíomh do chruinniú pobail chun iompar i do cheantar a dhéanamh níos inbhuanaithe. Déan Cathaoirleach a cheapadh, mar aon le Rúnaí chun miontuairiscí an chruinnithe a thaifeadadh (d'fhéadfadh beirt nó triúr daltaí babhtáil thart agus cúig nóiméad an duine a chaitheamh i mbun na hoibre sin).

Déan na cártaí rólimeartha a dháileadh ar na daltaí agus féach chuige go mbíonn deis ag gach duine labhairt le linn an chruinnithe.

Cártaí Rólimeartha: le cóipeáil agus le gearradh amach

John Casey - Feirmeoir	Tá tailte ina sheilbh ag John ag dhá cheann phríomhshráid an bhaile agus ní foláir dó a chuid beithíoch agus innealra móra feirme a chur ó cheann ceann na sráide sin. Tá Seán glan i gcoinne an phríomhshráid a theorannú do choisithe, toisc to gcuirfeadh a mhalairt de bhealach 15 nóiméad lena aistear sa dá threo, faoi seach.
Bríd Duffy – Uinéir boutique	Is le Bríd an boutique dearthóra "Sárfhaisean", atá ar an bpríomhshráid. Tá sise den tuairim gurb é an bealach is fearr chun an comórtas a bhaint ná an phríomhshráid a theorannú do choisithe. Ina theannta sin, tá tuairim láidir aici go méadódh an méadú ar líon na gcoisithe a gnó féin, toisc go siúlfadh níos mó díobh isteach ina siopa, i ndiaidh meallta ag a léiriú tarraingteach fuinneoige.
Sean Ó Briain – Déileálaí carranna dealer	Is le Seán siopa díolta carranna an bhaile. Cuireann seisean i gcoinne smaoineamh nua ar bith, den chuid is mó, ar an ábhar go gcaillfeadh sé gnó dá bharr.

Pádraig Ó Cathasaigh – Tiománaí bus	Is é an tuairim atá ag Pádraig ná gur deis den scoth atá anseo a ghnó a mhéadú. D'fhéadfadh seisean gach duine a thiomáint chun na hoibre agus chun na scoile (dar leis!).
Laura Ní Mhurchú - Comaitéireach	Ag obair sa chathair atá Laura, agus turas comaitéireachta dhá uair a chloig á dhéanamh gach lá aici. Is áil léi a carr. Is breá léi a bheith ag éisteacht le ceol. Is aoibhinn di gan a fliuchadh agus is fuath léi an traein.
Mícheál Ó Cuinn – Ionadaí den stáisiún áitiúil traenach	D'fháilteodh Mícheál roimh an deis an stáisiún traenach a bheith mar chomhpháirt lárnach den phlean seo.
Lucy O'Leary – Cónaitheoir aosta de chuid an bhaile	Tá Lucy ina 70í. Caitheann sí seal san ionad áitiúil do dhaoine aosta trí lá sa tseachtain agus téann go biongó dhá uair sa tseachtain. Tá eagla uirthi taisteal ar iompar poiblí agus síleann gur gar Dia di a carr. Ní bheadh sise in ann don tsiúlóid idir an grósaeir glasraí ag bun na príomhshráide chuig siopa an bhúistéara ag barr na príomhshráide, dá ndéanfaí an tsráid a theorannú do choisithe.
Jeaic de Faoile – Úinéir an tsiopa rothar	Molann Jeaic cuid den deontas a úsáid chun cabhrú le daoine rothair a cheannach. Ceapann seisean go bhfuil tábhacht mhór ag baint le lánaí rothaíochta.
Maggie Moloney – Tuismitheoir le spéis san ábhar	Ní bhraithfeadh Maggie compordach dá mbeadh a leanaí ag dul chun na scoile ina n-aonar de shiúl nó de rothaíocht. Toisc go dtéann sise ag obair go moch gach maidin, ní bheadh ar a cumas siúl in éineacht leo. Is é a hathair aosta a thiomáineann chun na scoile anois iad (ní bheadh sé ar a chumas siúl in éineacht leo).

Bean Uí Dhuibh – Múinteoir i scoil áitiúil	Tá sise den tuairim gur cheart do gach duine den dream óg siúl chun na scoile, mar ba bhéas do leanaí agus í óg – i ndeireadh an tsaoil, nach tionscnamh do dhaoine óga é seo? Ní bheadh sise sásta éirí as a compord ina carr féin toisc gur minic a lán cóipleabhar agus leabhar troma le hiompar abhaile aici.
Pat Molloy – Tógálaí áitiúil	Tá seisean ag moladh an phríomhshráid a theorannú do choisithe, toisc go bhfuil a fhios aige go gciallóidh sé sin gnó níos mó dó féin. Tá sé sásta, áfach, cuidiú le tionscnamh ar bith as a dtiocfaidh méadú ar a ghnó.
Tina Ní Mhaoldomhnaigh – Déagóir le spéis san ábhar	Tá Tina tógtha go mór lena riachtanaí is atá sé comhrac a chur ar athrú aeráide agus is smaoineamh iontach é, dar léi, carranna a roinnt.
Seán Seoige, Garda Síochána	Tá imní ar an nGarda gurbh fhéidir le teorannú na príomhshráide do choisithe deacrachtaí tráchta a chruthú sa chuid eile den bhaile.
Miriam Calvin – Cónaitheoir áitiúil	Ceapann sise go bhfuil an iomarca cainte ar siúl maidir le teorannú do choisithe agus gurbh fhearr de chuidiú chun an comórtas a bhaint ná daoine céimeanna beaga a ghlacadh. Mar shampla, d'fhéadfadh an siopa áitiúil earraí a sheachadadh, mar sheirbhís, ionas nár ghá do dhaoine a gcarranna a bhreith leo.
Is féidir cártaí eile a chruthú, de réir mar a theastaíonn.	